Your school has been selected to take part in a study called TIMSS and this video will tell you what this study is about.

Roghnaíodh do scoil le haghaidh staidéir ar a dtugtar TIMSS air, agus míneoidh an físeán seo duit mar gheall ar an staidéar seo.

What is TIMSS?

Cad é TIMSS?

- TIMSS stands for Trends in International Mathematics and Science Study. It's a study that takes place every four years, and it looks at how pupils are doing in maths and science in many different countries around the world.
- **Seasann TIMSS le haghaidh Treochtaí i Staidéir Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta. Is staidéar é a tharlaíonn gach ceithre bliana, agus tá sé dírithe ar dul chun cinn scoláirí sa mhatamaitic agus san eolaíocht i dtíortha éagsúla ar fud an domhain.**
- In Ireland, fourth-class pupils in primary schools and Second Year pupils in post-primary schools take part in TIMSS.
- **In Éirinn, glacann daltaí i rang a ceathair sa bhunscoil agus scoláirí bhliain a dó in iar-bhunscoileanna páirt sa staidéar.**
- Some pupils will complete a test on pen and paper, and others will complete it on computer. Either way, it's the same test.
- **Déanann roinnt scoláirí an triail ar pháipéar, ach déanann roinnt eile í ar an ríomhaire, ach má dhéanann tú an triail ar pháipéar nó ar ríomhaire, an triail chéanna a bheidh ann sa mhatamaitic agus san eolaíocht.**
- The results of TIMSS are used to help improve education in Ireland.
- **Úsáidtear torthaí TIMSS chun iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar oideachas in Éirinn.**

What does TIMSS involve?

Cad leis a bhaineann TIMSS?

- We would like to involve every pupil in Fourth class in the whole of Ireland –- but there are around 70,000, so we cannot! Instead, we choose some classes at random to represent the whole country.
- **Ba mhaith linn gach scoláire i rang a ceathair sa tír iomlán a thástáil ach tá thart ar 70,000 i gceist agus mar sin níl sé de chumas orainn é sin a dhéanamh! Ina ionad sin, roghnaímid ranganna go fánach chun ionadaíocht a dhéanamh ar an tír go léir.**

  So, if you have been asked to take part in TIMSS this year, you are part of this group of pupils who are representing Ireland!

  Mar sin, má cuireadh ceist ort páirt a ghlacadh in TIMSS i mbliana, tá tú mar chuid de shampla ionadaíoch na hÉireann.
- As part of TIMSS, you will be asked to do a test that contains questions on maths and science. The test will last an hour and a half with a short break in the middle. After this, you will be asked to fill out a Test-taking questionnaire which asks questions about your

experience with the test. It will take less than 5 minutes to fill out this questionnaire. Finally, you will be asked to fill out a Student questionnaire, which asks some questions about you, what you think about school and what you think about maths and science. You will need about 30 minutes to answer these questions.

- **Mar chuid de TIMSS, cuirfear ceist ort triail a dhéanamh ina bhfuil ceisteanna matamaitice agus eolaíochta inti. Leanfaidh an triail ar aghaidh ar feadh thart ar uair go leith, agus beidh briseadh gearr sa lár. Ina dhiaidh sin, iarrfar ort páipéir an cheistneora a líonadh isteach, a chuireann ceisteanna maidir le do thaithí leis an triail. Tógfaidh sé níos lú ná 5 nóiméad an ceistneoir seo a chomhlánú. Ina dhiaidh sin, iarrfar ort páipéir an cheistneora eile a líonadh amach, ceistneoir a chuireann ceisteanna mar gheall ort féin, do thuairimí mar gheall ar an scoil agus do thuairimí maidir leis an matamaitic agus an eolaíocht. Beidh 30 nóiméad de dhíth ort chun na ceistneoirí a fhreagairt.**

What happens on test day?

Cad a tharlaíonn ar lá na tástála?

- TIMSS takes place in your school, on one morning. On test day, arrive in class as usual and your teacher will give you instructions. You will answer the TIMSS test and the questionnaire either on laptops which will be brought to your school, or on pen and paper.

  - Tarlaíonn TIMSS i do scoil féin, le linn maidin amháin. Ar lá na tástála, tar go dtí an rang mar is gnách agus tabharfaidh an múinteoir treoracha duit. Freagróidh tú an triail TIMSS agus an ceistneoir ar ríomhairí glúine a thabharfaimid chuig do scoil féin, nó freagróidh tú é le peann agus páipéar.

- TIMSS will involve:
- **Is éard a bheidh i gceist le TIMSS ná:**
- 36 minutes completing the first part of the test
    - **an chéad cuid den triail a mhairfidh 36 nóiméad**
    - Followed by a short break
    - **beidh briseadh gearr agat ansin**
    - 36 minutes completing the second part of the test
    - **an dara cuid den triail a mhairfidh 36 nóiméad**
    - The Test-taking questionnaire which will take approximately 5 minutes
    - **Páipéir an cheistneora a thógfaidh thart ar 5 nóiméad**
    - Followed by another short break
    - **ansin beidh briseadh gearr eile agat.**
    - And, finally, about 30 minutes to answer the questionnaires
    - **Agus ansin, ar deireadh tabharfar thart ar 30 nóiméad chun an ceistneoir fút féin agus do thaithí scoile a fhreagairt.**
    - Then testing is finished!

- **Ansin beidh deireadh leis an triail!**

FAQ

Ceisteanna Coitianta

Is TIMSS like other tests I have done in school?

The TIMSS test may be similar to the ones you have been given at school as it will include maths and science questions for things you have been taught in class.

B'fhéidir go mbeidh an triail TIMSS cosúil le trialacha eile a tugadh duit ar scoil mar go bhfuil ceisteanna ar roinnt de na rudaí a múineadh duit i do ranganna matamaitice agus eolaíochta.

One important difference, though, is that TIMSS will not give individual results about how you got on with the test, like you might get with some other tests. What TIMSS is really good at doing is telling us about how big groups of pupils, for example pupils in Ireland compared with pupils in Finland, know and can do in maths and science.

Difríocht thábhachtach amháin ná nach n-úsáidfear TIMSS chun tuairisc aonair a dhéanamh ar conas ar éirigh leat sa triail, mar a bhfaighfeá i gcás trialacha eile. Tugann TIMSS eolas cruinn dúinn faoin méid atá ar eolas ag grúpaí móra de scoláirí agus cad is féidir leo a dhéanamh sa mhatamaitic agus san eolaíoch; mar shampla conas is féidir comparáid a dhéanamh idir scoláirí in Éirinn agus scoláirí san Fhionlainn.

Does everyone get the same test?

An bhfaigheann gach duine an tástáil chéanna?

No, everyone does not get the same test which is an important point. There are loads of maths and science questions in TIMSS: some of them are easier and some of them are harder. You might get some easier questions, you might get some harder questions and that is completely random.

Ní fhaigheann agus is pointe tábhachtach í seo. Tá an-chuid ceisteanna matamaitice agus eolaíochta i TIMSS - tá roinnt díobh níos éasca agus roinnt díobh níos deacra. B'fhéidir go bhfaighfeá ceisteanna atá níos éasca, agus b'fhéidir go bhfaighfeá ceisteanna atá níos deacra agus tá sé sin go léir ar bhonn fánach.

So, if you take the TIMSS test and you find it hard and your friend takes it and they find it easy, just keep in mind that you are probably answering completely different sets of questions and each experience of TIMSS is unique.

Mar sin, má thógann tú an triail TIMSS agus má tá sé deacair duit agus má thógann do chara é agus tá sé éasca dó/di, ná déan dearmad go bhfuil gach seans go bhfuil tú ag freagairt sraith ceisteanna atá an-éagsúil agus go bhfuil gach taithí a bhaineann le TIMSS difriúil chomh maith.

What if I don't think I'm good at maths and science?

Cad a tharlaíonn muna gceapaim go bhfuilim go maith ag an matamaitic agus ag an eolaíocht?

It is really important that TIMSS includes everybody – that means pupils who like maths and science, who don't like maths and science, who think they are good at maths and science, and who think they are not good at maths and science.

Tá sé fíor-thábhachtach go gcuirtear gach duine san áireamh sna scrúdaithe TIMSS – ciallaíonn sé sin daltaí a dtaitníonn an matamaitic agus an eolaíocht leo, daltaí nach dtaitníonn an matamaitic agus an eolaíocht leo, daltaí a cheapann go bhfuil siad go maith ag an matamaitic agus ag an eolaíocht agus daltaí a cheapann nach bhfuil siad go maith ag an matamaitic agus ag an eolaíocht.

So even if you don't think you're very good at maths and science, your answers in TIMSS matter every bit as much as the answers of someone who does think they are good at maths and science. All we want is for you to do your best.

Mar sin, fiú amháin muna gceapann tú go bhfuil tú go maith ag an matamaitic nó ag an eolaíocht, tá do fhreagraí díreach chomh tábhachtach le freagraí na ndaoine a cheapann go bhfuil siad go maith ag an matamaitic nó ag an eolaíocht. An t-aon rud atá uainn ná go ndéanfaidh tú do dhícheall.

Will anyone see my answers?

An bhfeicfidh aon duine mo fhreagraí?

Your answers to the TIMSS test and the questionnaires are confidential. This means that only the researchers working on TIMSS will know whose answers they are.

Tá do fhreagraí agus na ceistneoirí sa scrúdú TIMSS faoi rún. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil na freagraí ar eolas ach ag na taighdeoirí atá ag obair ar TIMSS.

We hope you will enjoy taking part in TIMSS. If you have any questions, ask your teacher or your parents/guardians to send us an email at timss.ireland@erc.ie.

Tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as a bheith ag glacadh páirt in TIMSS. Má tá ceisteanna agat, cur ceist ar do mhúinteoir nó ar do thuismitheoirí nó caomhnóirí ríomhphost a sheoladh chugainn ag timms.ireland@erc.ie

Thanks for watching!

Go raibh maith agat as ucht féachaint air seo!